Glao ar Thograí le haghaidh Phainéal Oiliúnóirí/Éascaitheoirí SICAP 2024-2027

Tá Cuideachta Comhpháirtíochta LEADER Oirthuaisceart Mhaigh Eo (ag trádáil mar Oirthuaisceart Mhaigh Eo) ann chun cuimsiú sóisialta, eacnamaíoch agus cultúir a chur chun cinn. Déanaimid é seo trí thacú le daoine aonair agus le pobail agus iad a chumasú dul chun cinn a dhéanamh i dtreo a gcumas a bhaint amach agus béim ar leith á leagan orthusan atá leochaileach agus a n-imríonn eisiamh sóisialta tionchar orthu, agus trí bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara ar fad.

Tá Oirthuaisceart Mhaigh Eo ag lorg oiliúnóirí cuí a bhfuil scileanna acu dár bpainéal Oiliúnóirí/Éascaitheoirí chun bheith ar fáil le hoiliúint/tacaíocht a chur ar fáil do thairbhithe an Chláir um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) sa bhliain 2024 go dtí an bhliain 2028.

Cuirimid fáilte roimh léirithe spéise ó iarrthóirí cuícháilithe a bhfuil scileanna acu sna réimsí seo thíos agus scileanna eile nach liostaítear thíos a d'fhéadfadh tacú lenár gclár a sheachadadh.

TACAÍOCHTAÍ DO DHAOINE AONAIR I NDÁIL LE

- Ceardlanna curriculum vitae agus seisiúin comhairliúcháin aonair
- Cuardaitheoirí poist a réiteach do na ceardlanna agallaimh, lena n-áirítear agallaimh bunaithe ar inniúlachtaí
- Meantóireacht ghairme agus iarratais ar phoist lena n-áirítear iarratais inniúlachta ar phost
- Cláir socrúcháin taithí oibre bunaithe ar fhostóirí
- Scileanna ríomhaireachta: bunleibhéal, meánleibhéal agus ardleibhéal
- Béarla a mhúineadh mar theanga iasachta
- Miondíol, fáilteachas, seirbhís do chustaiméirí
- Oiliúint mar barista
- Oiliúint san fhreastal beáir
- Sláinteachas bia
- Oiliúint Pas Shábháilte
- Oiliúint ar an láimhsiú sábháilte
- Oiliúint gharchabhrach
- Scileanna Déan Tú Féin É (péinteáil, maisiú, uirlisí a úsáid, obair dheisiúcháin bhunúsach sa mbaile)
- Gairneoireacht
- Beachaireacht
- Bláthadóireacht
- Ceird na sailí
- Criadóireacht
- Seodra a dhéanamh
- Tacaíochtaí maidir le sláinte, folláine, cothaithe, struis/buartha
- Scileanna idirphearsanta
- Ióga & Pilates
- Cóitseáil saoil
- Bainistiú ama
- Tapáil na Teicníce um Shaoirse Mhothúcháin (EFT)
- Féinmheas agus féinmhuinín, oideasú sóisialta
- Oiliúint cheannaireachta
- Litearthacht agus uimhearthacht fheidhmiúil
- Aistritheoirí/ateangairí/scríobhaithe

TACAÍOCHTAÍ DO GHNÓLACHTAÍ I NDÁIL LE

- Cúrsa chun do ghnó féin a thosú (cúrsaí ar líne agus rangbhunaithe)
- Tuairisceán cánach & CBL
- Praghsáil ghnó
- Cuntasaíocht ghnó (de láimh agus ar ríomhaire), párolla
- Scileanna earcaíochta d'fhostóirí, bainisteoirí achmhainní daonna
- Pleanáil gnó / pleanáil straitéiseach
- Láithreáin ghréasáin a fhorbairt agus a chothabháil ag úsáid Word Press
- Plean margaíochta, margaíocht meán sóisialta, Canva a fhorbairt do ghnólachtaí beaga agus do mhiondíoltóireacht ar líne
- Grianghrafadóireacht do na meáin shóisialta

TACAÍOCHTAÍ DO GHRÚPAÍ POBAIL I NDÁIL LE

- Forbairt pobail
- Coiste nó bord deonach a bhunú
- Róil agus freagrachtaí atá ag bord deonach
- Bunreacht/struchtúr dlí a fhorbairt d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha
- Caoi le habhcóideacht a dhéanamh ar son do ghrúpa nó do phobail
- Scileanna forbartha polasaí
- Bainistiú airgeadais d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha
- Miontuairiscí a thaifeadadh agus i ndáil le taifid chuideachta a choinneáil
- Pleanáil comharbais do bhoird bhainistíochta dheonacha
- Cód Rialachais na gCarthanachtaí
- Cosaint sonraí agus RGCS
- Rochtain a fháil ar mhaoiniú agus iarratais ar dheontas a scríobh
- Oibrithe deonacha agus foirne a bhainistiú/acmhainní daonna agus reachtaíocht fostaíochta
- Pleanáil agus bainistiú imeachtaí
- Oiliúint comhionannais
- Feasacht chultúir
- Idirghabháil / réiteach coimhlinte
- Bainistiú timpeallachta, inbhuanaitheacht, agus an bonneagar glas / Aistriú Cóir (uaschúrsáil/athchúrsáil)
- Meantóireacht a chur ar fáil le grúpa pobail agus d'fhorbairt fiontar
- Ceardlann Lego a éascú

Nuair is féidir, ba mhaith linn modúil foghlama taifeadta ar líne a fhorbairt/a chomhfhorbairt a bheidh ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí pobail a fhaigheann tacaíochtaí SICAP, ba cheart go mbeadh na tacaíochtaí réamhthaifeadta seo ar fáil i bhfotheidil/ i dteangacha comharthaíochta agus i dteangacha eile.

Tá sé riachtanach do thogra a nascadh le spriocghrúpaí SICAP agus do thuiscint ar riachtanais agus riachtanais oiliúna spriocghrúpaí agus grúpaí pobail SICAP a léiriú go soiléir. Tabhair le fios má chuireann tú tacaíochtaí ar fáil go pearsanta nó ar líne.

Ba cheart an méid seo a leanas a bheith i do thogra:

- **Curriculum vitae, beirt mholtóirí san áireamh**
- **Cóip den teastas/de na teastais cháilíochta**
- **Fianaise ar thaithí roimhe seo**
- **Togra(í) oiliúna/éascaithe mionsonraithe**
- **Costas tairisceana in aghaidh na huaire/an leathlae/an lae**
- **Uimhir chánach/cód rochtana**
- **Árachas Slánaíochta Ghairmiúil**

Tabhair faoi deara nach mbreithneofar ach aighneachtaí lena mbaineann luach ar airgead. Ba cheart inbhuanaitheacht timpeallachta a ghlacadh san áireamh agus togra á réiteach, ba cheart aon ábhar a chur ar fáil ar pháipéar athchúrsáilte. Cuirfidh Oirthuaisceart Mhaigh Eo seomraí oiliúna, sólaistí ar fáil do na rannpháirtithe.
Níl sé de dhualgas ar Oirthuaisceart Mhaigh Eo glacadh le haon iarratais, ná ní deimhniú é ballraíocht den bpainéal go gcuirfear obair ar fáil.
Seol do thograí ar ríomhphost chuig: info@mayonortheast.com (líne ábhair – Bunachar Sonraí Oiliúnóirí SICAP) faoi 12 meán lae Dé Céadaoin, an 12 Meitheamh 2024.

Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach Co-funded by the European Union
LCDC Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Mhaigh Eo Mayo Local Community Development Committee
Comhairle Contae Mhaigh Eo Mayo County Council

The Social Inclusion and Community Activation Programme (SICAP) is co-funded by the Government of Ireland, through the Department of Rural and Community Development, and the European Union.
Tá an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann, tríd an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus an tAontas Eorpach.